Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Lean CEANN AMHÁIN de na sraitheanna treoracha seo a leanas:**

**1. Gnáth-threoracha:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

- **Roinn 3 (100 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór:
Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ceist **amháin** as topaic **amháin**.

**NÓ**

**2. Treoracha malartacha do 2025 amháin:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Ranna 2 agus 3 (300 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6 *agus* An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.

Freagair **trí** cheist as aon **dá** thopaic i Ranna 2 agus 3.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní thabharfar ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## SECTION 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén dream ar eisíodh doiciméad A thar a gceann?

   (b) Cén córas rialtais a luaitear i ndoiciméad A?

   (c) Luaigh foras amháin ar a bhféadfaí cur in aghaidh máirseálacha, de réir dhoiciméad B.

   (d) De réir dhoiciméad B, cén rud a bhfuil gá le brú ón bpobal lena aghaidh?

(20)

2. (a) Cé chomh mór agus a cheistítear sa dá dhoiciméad an fiúntas a bhain le máirseáil i dtreo Londan?
   Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad ina dtugtar an léiriú is soiléire ar fhadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta na Breataine le linn na tréimhse idirchogaidh?
   Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Ón eolas atá agat ar Mháirseáil Jarrow, an dóigh leat go bhfuil argóint láidir sna pointí a rinne an rialtas i ndoiciméad A?
   Tabhair cúiseanna le do fhreagra, agus tagairt agat don doiciméad.

   (b) Cad iad na bealaí i ndoiciméad B ina léirítear an fiúntas a bhaineann le heagarfhocal nuachtáin mar ábhar foinse staire?
   Bíodh tagairt agat don doiciméad i do fhreagra.

(20)

4. An aontófá gur teip ghlan a bhí i Máirseáil Jarrow? Déan do chás a áitiú.

(40)

**- Doiciméad A -**

**Ar an 15 Deireadh Fómhair 1936, agus Máirseáil Jarrow ar a bealach go Londain, d'eisigh Rialtas na Breataine an ráiteas seo.**

Tá plé déanta ag na hAirí faoi go bhfuil líon áirithe máirseálacha go Londain ar siúl faoi láthair nó á mbeartú. Dar le Rialtas na Corónach, ní féidir le máirseálacha dá leithéid aon ní fónta a dhéanamh ar son na gcúiseanna a luaitear leis na máirseálacha. Tá baol ann go bhfulaingeoidh siad siúd atá páirteach iontu cruatan gan ghá agus níl fáilte dá laghad rompu.

Sa tír seo, áit a bhfuil córas parlaiminteach i réim, agus vóta ag gach duine fásta, agus ionadaí ag gach réigiún i dTeach na dTeachtaí lena n-údair ghearáin a chur i láthair agus réitigh a mholadh, ní féidir a mhaíomh go mbíonn aon tionchar bunreachtúil ag mórshiúlta ar pholasaí.

Mar sin, tá cinneadh déanta ag na hAirí nach féidir spreagadh a thabhairt do mháirseálacha dá leithéid, is cuma cén aidhm ar leith atá leo, agus ní féidir leis na hairí a bheith toilteanach glacadh le haon toscaireacht de chuid na máirseálaithe, cé go bhfuil siad sásta i gcónaí, ar ndóigh, bualadh le feisirí parlaiminte.

Foinse: luaite in Matt Perry, *The Jarrow Crusade: Protest and Legend* (Sunderland, University of Sunderland Press, 2005).

**- Doiciméad B -**

**Sliocht coimrithe atá anseo as eagarfhocal san *Irish Times* a foilsíodh an lá dár gcionn.**

Faoi láthair tá dhá chéad fear dífhostaithe ag máirseáil ó Jarrow go Londain, áit a gcuirfidh siad achainí i láthair Theach na dTeachtaí. Tá an nóiméad céanna roghnaithe ag Comh-Aireacht na Breataine lena fhógairt 'nach bhfuil fáilte dá laghad' roimh na máirseálacha céanna go Londain.

Tá tuairim amháin ann a deir gur cinnte nach fiú faic na máirseálacha traochta seo. Tá córas oibre ar leith ag an bParlaimint. Níl sé de chumhacht ag na hAirí déileáil leo, ach amháin trí mheán an ghnáthchórais, is cuma cé chomh mór agus ba mhaith leo cúnamh a thabhairt i gcásanna aonair. Is féidir go bhfuil an dearcadh ann chomh maith, nár cheart spreagadh a thabhairt do na máirseálacha, ar an mbonn gur bolscaireacht atá taobh thiar díobh i ndáiríre, agus go mb'fhéidir go mbainfí leas astu le haighneas a chothú.

Mar sin féin, tá an chuma ar an bhfógra oifigiúil go bhfuil dearcadh róchúng á ghlacadh ar an gceist. Ní haon ionadh é go mbraithfeadh na fir seo go ndearnadh neamhshuim díobh – tar éis dóibh a bheith dífhostaithe le mórán míonna, nó tar éis do bhailte iomlána a gcuid tionscal ar fad a chailleadh. Féadfaidh parlaimintí a bheith neamartach, gan samhlaíocht agus leisciúil. Bíonn gá go minic le brú ón bpobal chun rialtas a mhúscailt le bheith níos gníomhaí maidir lena gcuid dualgas.

Tá aird chomh mór sin tarraingthe ag máirseálaithe Jarrow ar an gcruachás millteanach ar an mbaile acu féin gur féidir go bhfuil cás a bhaineann le hábhar léirithe acu. Dá mbeadh sé mar aidhm le máirseálacha aighneas a chothú nó clampar a thógáil, ní fhéadfadh rialtas ar bith cur suas leo, ach, i Sasana, dealraíonn sé nach raibh i gceist leo ach achainí ar son oibre, agus é sin déanta go síochánta ag fir a bhfuil imní orthu go ndéanfar dearmad orthu agus iad ag iarraidh é sin a sheachaint.

Foinse: *The Irish Times* (16 Deireadh Fómhair, 1936).

## ROINN 2: ÉIRE

**Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Cén tionchar a bhí ag an nGorta Mór ar an saol in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir féin agus ina dhiaidh, 1845-1870? (100)
2. Cad a chuir Éire Óg agus an Fíníneachas le náisiúnachas na hÉireann? (100)
3. Cad iad na bealaí a raibh tionchar ag an gCairdinéal Paul Cullen ar dhearcthaí polaitíochta agus ar ghnásanna creidimh? (100)
4. Cad iad na forbairtí a tharla san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, 1815-1870? (100)

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Cé acu den bheirt ba mhó ar éirigh leis mar fheachtasóir, Michael Davitt nó James Larkin? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
2. Le linn na mblianta 1870-1914, cé chomh héifeachtach agus a bhí lucht an Aontachtais agus iad ag cur i gcoinne an Rialtais Dúchais? (100)
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le CLG agus Conradh na Gaeilge, 1884-1914? (100)
4. Conas a chuir Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington le leasú sóisialta? (100)

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Cad iad na tosca a chuir le fás Shinn Féin agus le meath an Rialtais Dúchais, 1912-1918? (100)
2. Cé chomh héifeachtach a bhí ceannaireacht Éamoin de Valera le linn idirbheartaíocht an Chonartha agus an Chogaidh Chathartha (1921-1923) agus le linn an Dara Cogadh Domhanda (1939-1945)? (100)
3. I ndiaidh na críochdheighilte, cad iad na hiarrachtaí a rinneadh, Thuaidh agus Theas, chun féiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn? Déan tagairt do cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: teanga; creideamh; oideachas. (100)
4. Cad iad na bealaí a raibh tionchar ag an Dara Cogadh Domhanda ar Thuaisceart Éireann? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Cad iad na príomhthréithe a bhain le diaspóra na hÉireann, 1840-1966? (100)
2. An aontófá go raibh náisiúnachas na hÉireann níos éifeachtaí mar fhórsa idirnáisiúnta ná aontachtas na hÉireann? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá ghluaiseacht. (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin eisimirce ón staidéar a rinne tú ar shaol agus ar shaothar Dhomhnaill Mhic Amhlaigh? (100)
4. Cé chomh mór agus a léirigh gairmréim Joe Kennedy agus gairmréim John F. Kennedy an t-eispéireas Gael-Mheiriceánach? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Le linn na mblianta 1949-1969, cé acu ceannaire ab éifeachtaí, an Tiarna Brookeborough nó Terence O'Neill? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
2. Cad ba ea conspóid Ollscoil Chúil Raithin agus cad iad na bealaí ar chuir sí leis an teannas i dTuaisceart Éireann? (100)
3. Cad a chuir Bernadette Devlin le gnóthaí Thuaisceart Éireann? (100)
4. Cad iad na céimeanna a glacadh chun teacht ar réiteach síochánta ar na "Trioblóidí", 1973-1993? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Cad iad na bealaí ar mhéadaigh Poblacht na hÉireann a cuid rannpháirtíochta i ngnóthaí idirnáisiúnta, 1949-1989? (100)
2. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh Sheán Lemass agus é ina Thaoiseach, agus cé chomh héifeachtach is a d'fhreagair sé dóibh? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an teilifís agus ag an réabhlóid chumarsáide ar an saol in Éirinn? (100)
4. Conas a chuir Mary Robinson agus Sylvia Meehan le saol na hÉireann? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú Stát san Eoraip, 1815-1871

1. Cad iad na dearcthaí contrártha ar an tsochaí a bhí ag Clemens Metternich agus Karl Marx? (100)
2. Sna blianta roimh 1871, cé acu den bheirt, Giuseppe Mazzini nó Otto von Bismarck, ba mhó a chuir le gluaiseacht a thíre i dtreo na haontachta? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannasaíocht Napoléon III sa bhaile agus thar lear? (100)
4. Le linn na mblianta 1815-1870, cad iad na príomhathruithe a tharla i gcúrsaí talmhaíochta agus/nó tionsclaíochta? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

1. Cén tionchar a bhí ag géarchéim eacnamaíochta agus cogaíocht ar an Rúis in aimsir na Sár, 1871-1917? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannasaíocht Otto von Bismarck sa bhaile agus thar lear, 1871-1890? (100)
3. Cad a chuir Wilfred Owen le litríocht an Chéad Chogaidh Dhomhanda? (100)
4. Le linn na mblianta 1871-1920, cén tábhacht a bhain le forbairt agus luathstair an ghluaisteáin agus/nó forbairtí i gcúrsaí leighis? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

### Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

1. Cad iad na céimeanna ba mhó a glacadh i dtreo aontacht na hEorpa, 1945-1957? (100)
2. Cé chomh mór agus a theip sa deireadh ar ghairmréim Nikita Khrushchev agus ar ghairmréim Mikhail Gorbachev? (100)
3. Cad iad na hathruithe a thug an Dara Comhairle Vatacánach agus an Pápa Eoin Pól II isteach? (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le cultúr na hEorpa:
   Alexander Solzhenitsyn; Simone de Beauvoir; John Lennon? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Le linn na mblianta 1945-1990, cén fáth ar chúlaigh tíortha na hEorpa ó impireachtaí? (100)
2. Cad ba ea Géarchéim Suez, 1956, agus cén tionchar a bhí aici ar chaidreamh idirnáisiúnta? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a chuaigh Charles de Gaulle i ngleic leis na fadhbanna a bhain le coilíneachas na Fraince? (100)
4. Cén léiriú ar an Afraic iarchoilíneach a tugadh i saothar liteartha Nadine Gordimer agus/nó Chinua Achebe? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis na Stáit Aontaithe déileáil le fadhbanna a d'eascair as Beirlín agus Cúba? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannasaíocht an Uachtaráin Lyndon Johnson sa bhaile agus thar lear? (100)
3. Le linn na mblianta 1945-1989, cad a bhí i gceist leis an Aisling Mheiriceánach, agus cé chomh mór agus a bhí an léiriú sin ag teacht leis an saol i Meiriceá i ndáiríre? (100)
4. Le linn na mblianta 1945-1989, conas a tháinig cúrsaí creidimh chun cinn mar fhórsa a bhí ag éirí níos cumhachtaí sa saol i Meiriceá, agus cén fáth ar tharla an méid sin? (100)

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Ardteistiméireacht - Ardleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin, 11 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50